

Clár an Ábhair

1.	Cad is cuspóir don gComhaontú?	3
2.	Cé atá cumhdaithe faoin gComhaontú?	3
3.	Cad iad na híocaíochtaí atá cumhdaithe faoin gComhaontú?	4
4.	Cé acu ceann de Dhlithe Slándála Sóisialaí an dá thír a bhaineann leat?	5
5.	Cad iad na sochair a ghabhann leis an gComhaontú?	6
6.	An féidir liom cáiliú i gcomhair íocaíochta ón dá thír?	6
7.	An féidir liom sochair bhreise a éileamh?	7
8.	Conas is féidir liom tuilleadh eolais a fháil nó íocaíocht a éileamh faoin gComhaontú?	7
9.	Conas a íoctar pinsin Éireannacha?	10

11/2007

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh ár gcuid scéimeanna. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó déan teagmháil lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (sonraí teagmhála ar lth.8).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló.

Is é atá sa bhilleog seo ná treoir ghairid ar an gComhaontú Slándála Sóisialaí idir Éirinn agus Ceanada a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1992.

1. Cad is cuspóir don gComhaontú?

Is í an phríomhchuspóir atá leis an gComhaontú ná cearta pinsin daoine a chosaint a bhí ag obair in Éirinn agus a bhí ag obair nó a bhí ina gcónaí i gCeanada.

Pléann an Comhaontú le stádas Slándála Sóisialaí oibrithe, leis, a chuirtear ar thascanna sealadacha ó Éirinn go Ceanada.

Muna bhfuil dóthain ranníocaíochtaí íoctha agat nó curtha chun sochair duit chun cáiliú i gcomhair pinsin Éireannaigh de thairbhe do thaifid Éireannaigh amháin d'fhéadfadh go ríomhfaí tréimhsí árachais shóisialta nó tréimhsí cónaithe i gCeanada nó an dá rud chun cabhrú leat cáiliú i gcomhair pinsin Éireannaigh.

Chomh maith leis sin, muna bhfuil dóthain tréimhsí árachais shóisialta/cónaithe i gCeanada slánaithe agat chun cáiliú i gcomhair pinsin Ceanadaigh d'fhéadfadh go ríomhfaí ranníocaíochtaí árachais shóisialta ináirithe Éireannacha chun cabhrú leat cáiliú i gcomhair pinsin Ceanadaigh.

2. Cé atá cumhdaithe faoin gComhaontú?

Tá tú cumhdaithe faoin gComhaontú má d'íoc tú ranníocaíochtaí árachais shóisialta in Éirinn agus má tá tréimhsí árachais shóisialta ináirithe nó tréimhsí cónaithe nó an dá rud agat i gCeanada.

Baineann sochair a ghabhann leis an gComhaontú le do chleithiúnaithe agus dóibh siúd a mhaireann tar éis do bháis, chomh maith.

3. Cad iad na hÍocaíochtaí atá cumhdaithe faoin gComhaontú?

Éire

Is iad na hÍocaíochtaí atá cumhdaithe faoin gComhaontú ná:

- Pinsean Stáit (Ranníocach) (iníoctha in aois 66)
- Pinsean Stáit (Eatramhach) (iníoctha in aois 65)
- Pinsean Baintrí/Baintreach Fir (Ranníocach)
- Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)
- Pinsean Easláinte
- Deontas Méala.

Ceanada

Faoin **Acht um Shláindáil sa tSeanaois:**

- an Pinsean Slándála Seanaoise bunúsach
- an Forlíonadh Ioncaim Ráthaithe
- an Liúntas
- an Liúntas don té a mhaireann.

Faoi **Phlean Pinsin Cheanada:**

- Pinsean Scoir
- Sochair Mhíchumais
- Sochair don té a mhaireann.

4. Cé acu ceann de Dhlíthe Slándála Sóisialaí an dá tír a bhaineann leat?

De ghnáth bíonn tú inárachaithe sa tír ina mbíonn tú fostaithe.

Má chuireann d'fhostaitheoir Éireannach go Ceanada thú, áfach, chun obair a dhéanamh ann ar feadh tréimhse sealadaí is féidir leat fanacht sa chóras slándála sóisialaí Éireannach ar feadh an chéad 24 mhí den tasc sealadach.

Le linn an ama seo tá tú díolmhaithe ó ranníocaíochtaí árachais shóisialta Ceanadacha. Má tá tréimhse na hoibre thar lear níos faide na 24 mhí d'fhéadfadh go bhféachfaí ar an díolúine a fhadú.

Ar an gcuma céanna, má chuireann d'fhostaitheoir Ceanadach go hÉirinn thú chun obair shealadach a dhéanamh ann, is féidir leat fanacht sa chóras árachais shóisialta Ceanadach agus a bheith díolmhaithe ó ranníocaíochtaí fostaíochta a bheadh le n-íoc in Éirinn murach é seo ar feadh tréimhse 24 mhí. Má tá tréimhse an taise shealadaigh níos faide na 24 mhí d'fhéadfadh go ndéanfaí an díolúine a fhadú.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:

Bailiúcháin Speisialta ÁSPC

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Bóthar Chorcaí

Port Láirge

Guthán: (051) 356000 nó (01) 7043000

Uimh. Faics: (051) 877838

nó

International Operations

Social Development Canada

Service Delivery Branch

355 North River Road

16th Floor, Tower "B"

Ottawa, Ontario

K1A 0L4 Canada

5. Cad iad na sochair a ghabhann leis an gComhaontú?

Más rud é go raibh tú ag obair in Éirinn agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta á n-íoc agat (ní mór 52 ranníocaíocht a bheith íoctha nó curtha chun sochair ar a laghad) agus má chomhlíonann tú na coinníollacha íosta Ceanadacha um árachas sóisialta/chónaí, d'fhéadfá cáiliú i gcomhair:

- a) pinsean Éireannach de thairbhe na ranníocaíochtaí a d'íoc tú nó a cuireadh chun sochair duit in Éirinn amháin

agus/nó

- b) pinsean Ceanadach de thairbhe na ranníocaíochtaí agus/nó na dtréimhsí cónaithe i gCeanada amháin

agus/nó

- c) más rud é nach bhfuil dóthain ranníocaíochtaí déanta agat in Éirinn nó nach bhfuil dóthain ranníocaíochtaí déanta agat/tréimhsí cónaithe caite agat i gCeanada, d'fhéadfadh go gcáileofá i gcomhair pinsin chomhréirigh ó Éirinn nó ó Ceanada (nó iad araon) de thairbhe na ranníocaíochtaí ÁSPC a d'íoc tú in Éirinn agus na ranníocaíochtaí a d'íoc tú nó na dtréimhsí cónaithe a chaith tú i gCeanada i dteannta a chéile.

6. An féidir liom cáiliú i gcomhair íocaíochta ón dá thír?

Is féidir. Is féidir le duine cáiliú i gcomhair íocaíochta ón dá thír ag an am céanna.

7. An féidir liom sochair bhreise a éileamh?

Is féidir le daoine atá ina gcónaí in Éirinn agus atá ag fáil pinsean slándála sóisialaí ó Éirinn nó ó Cheanada nó ón dá thír, cáiliú i gcomhair na Scéimeanna Saora atá ar fáil faoin gCóras Slándála Sóisialaí Éireannach faoi réir ag na coinníollacha cáilithe.

Is iad seo na Scéimeanna Saora:

- Pacáiste Sochair Teaghlaigh **SW107** (Sa phacáiste seo tá an Liúntas Aibhléise saor in aisce/Liúntas gáis nádúrtha, Ceadúnas Teilifíse saor in aisce agus Liúntas Cíos Gutháin saor in aisce).
- Liúntas Breosla
- Saorthaisteal

Tá sonraí na sochar breise seo ar fáil i Mír 10 an treoirleabhair **SW 4 Treoir ar sheirbhísí Leasa Shóisialaigh**.

Tá foirmeacha iarratais i gcomhair na sochar breise seo ar fáil ón **Oifig Leasa Shóisialaigh i do cheantar**, in Oifig an Phoist nó ó:

Scéimeanna Saora

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Guthán: Sligeach (071) 916 9800

Baile Átha Cliath (01) 704 3000

8. Conas is féidir liom tuilleadh eolais a fháil nó íocaíocht a éileamh faoin gComhaontú?

Má chónaíonn tú in Éirinn agus má theastaíonn uait teidilíocht Éireannach a éileamh faoin gComhaontú, nó fiosrú

ina thaobh is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Leasa Shóisialaigh i do cheantar, nó

Maidir le Pinsean Stáit (Ranníocach), Pinsean Stáit (Eatramhach), Pinsean Baintrí nó Baintreach Fir (Ranníocach) nó Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach), déan teagmháil le:

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach

Guthán: 00 353 71 9157100 nó (01) 704 3000

Íosghlao: 1890 500 000 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

Maidir le Pinsean Easláinte déan teagmháil le:

Rannóg na bPinsean Easláinte

Oifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar Bhéal Átha na Lao

An Longfort

Guthán: 1890 927 770 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)
/ (01) 7043000

Má tá glaoch á dhéanamh ó áit lasmuigh d'Éirinn,
dailigh + 353 43 3340000

Maidir le Deontas Méala déan teagmháil leis na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh i Sligeach más ón áit sin a bhí pinsean á íoc. Maidir le gach cás eile déan teagmháil le:

Rannóg an Deontas Méala

Oifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar Bhéal Átha na Lao

An Longfort

Guthán: 1890 927 770 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)
/ (01) 7043000

Má tá glaoch á dhéanamh ó áit lasmuigh d'Éirinn,
dailigh + 353 43 3340000

Tá tuilleadh eolais ar Thascanna Sealadacha thar lear ar fáil ó:

Bailiúcháin Speisialta ÁSPC

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Bóthar Chorcaí
Port Láirge

Guthán: (051) 356000 nó (01) 704 3000

Má chuireann tú gloch ó áit lasmuigh d'Éirinn diailigh an cód idirnáisiúnta (00 de ghnáth) ina dhiaidh sin an cód tíre 353, agus ansin fág ar lár an 0 a bhaineann leis an gcód ceantair a thaispeántear sna huimhreacha thuas.

Tá eolas ar sheirbhísí leasa shóisialaigh nó leabhráin eolais agus foirmeacha iarratais ar fáil ó na háiteanna seo:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**,
- Líne Eolais Íosghlao ag 1890 66 22 44 (ó Phoblacht na hÉireann amháin).
- Buail isteach ag d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó ag an Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Má tá tú i do chónaí i gCeanada déan teagmháil le:

International Operations

Social Development Canada
Service Delivery Branch
355 North River Road
16th Floor,
Tower “B”
Ottawa, Ontario
K1A 0L4 Canada

Tabhair faoi deara

D'fhéadfadh rátaí éagsúla a bheith á ngearradh ar úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao) ag soláthraithe seirbhíse éagsúla.

9. Conas a íoctar pinsin Éireannacha?

Má tá tú i do chónaí in Éirinn

agus má cháilíonn tú i gcomhair pinsin Éireannaigh faoin gComhaontú, is féidir do phinsean a íoc mar seo a leanas:

- mar íocaíocht dhíreach i do chunas reatha nó do chuntas taisce (NÍ i gcuntas morgáiste) i mbanc nó i gcumann foirgníochta nó i gCuntas Coigiltis de chuid An Phoist. Tugtar Ríomhaistriú Airgid air seo agus déantar an íocaíocht go seachtainiúil.

nó

- trí leabhar orduithe iníochta. Is féidir na horduithe a bhriseadh go seachtainiúil in Oifig an Phoist de do rogha féin. (Má íoctar do phinsean leat ar an gcuma seo agus muna bhfuil ar do chumas é a bhailiú is féidir leat duine eile os coinn 16 bliana a ainmniú chun é a bhailiú thar do cheann.)
- Tá an Pinsean Easláinte iníochta trí Ríomhaistriú Faisnéise, leis, dóibh siúd a úsáideann an tSeirbhís Bhuiséadaithe Teaghlaigh. Ar an gcuma seo is féidir leat d'íocaíocht a bhailiú go seachtainiúil in oifig an phoist ainmnithe ach do chárta seirbhísí sóisialacha a thaispeáint.

Maidir leis an Deontas Méala, íocaíocht aon-uaire é seo a tugtar duit mar sheic.

Má tá tú i do chónaí lasmuigh d'Éirinn

is féidir leat d'íocaíocht a fháil trí Ríomhaistriú Airgid chuig cuntas in Éirinn nó chuig cuntas i bhForas Airgid lasmuigh den Stát. Ní mór don gcuntas uimhir chuntais 8 ndigití a bheith aige mar aon le cód sortála 6 digití (NÍ ceart uimhir rolla nó thagartha a bheith aige).

Déanfar an íocaíocht in airgeadra na tíre ina bhfuil do chuntas.

(Ní féidir é a íoc i gcuntas Euro i dtír a bhfuil airgeadra eile aici.) Déanfar an íocaíocht seo gach cheithre seachtain. Íocfar íocaíocht seachtaine amháin mar réamhíocaíocht agus íocaíochtaí trí seachtaine i riaráiste.

Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo agus ní fhéachtar le léirmhíniú dleathach a sholáthar leis.

Citizens Information

Is é an Bord Eolais do Shaoránaigh an Eagraíocht Reachtúil a thacaíonn le sholáthar eolais, comhairle agus tacaíochta don bpobal i réimse leathan sheirbhísí sóisialta agus sibhialta. Cuireann sé suíomh idirlín an Eolais do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sí le líonra deonach na Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh chomh maith le seirbhís ghutháin um Eolas do Shaoránaigh.

www.citizensinformation.ie

Íosghlao 1890 777121 (Luan-Aoine 9rn-9in)

Ionaid Áitiúla (féach leat na Leathanaigh Óir)

Tá eolas do shaoránaigh ar fáil i níos mó ná 250 ionad ar fud na tíre. Tá sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionad Eolais do Shaoránaigh is gaire duit sna Leathanaigh Óir.